Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# Déileáil le Speicis Choimhthíocha Ionracha Plandaí - Réamhfhógra

## Réamhrá

Is éard is speicis choimhthíocha ionracha (IAS) ann ná speicis a iompraítear de bharr gníomhaíochtaí daoine taobh amuigh den áit a bhfásann siad go nádúrtha, thar teorainneacha éiceolaíochta. Maireann siad, síolraíonn siad agus scaipeann siad, rud a mbíonn drochthionchar aige ar éiceolaíocht na háite nua a bhfuil siad, mar aon le himpleachtaí tromchúiseacha sóisialta agus eacnamaíochta don áit sin is don tír sin. Ar na speicis choimhthíocha ionracha plandaí (IAPS) a aithnítear in Éirinn, tá péire ann atá ina údar mór imní dúinn ó thaobh an ghréasáin bóithre de; an Ghlúineach Bhiorach *(Fallopia Japonica)* agus an Gunnaire *(Gunnera Tinctoria)*. Agus iad ag fás gar do charrbhealaí, is féidir leis na speicis seo teacht idir an duine agus a radharc ar rudaí eile agus dochar a dhéanamh don bhonneagar bóthair agus iad ag fás aníos tríd an asfailt ar chiumhais an bhóthair agus trí struchtúir eile.

## Oibreacha Conartha

Is mian le Comhairle Chontae na Gaillimhe a chur in iúl d'úinéirí talún go bhfuil Conraitheoirí le ceapadh i mí Lúnasa 2016 chun tús a chur le clár cóireála IAPS a mhairfidh 3 bliana. Díreofar sa chlár cóireála ar inmhíolú atá le ag tarlú ar bhealaí náisiúnta áirithe agus ar a oiread a chuireann sé isteach ar bhóithre réigiúnacha taobh istigh den chontae. D'fhéadfadh spraeanna ceimiceán a bheith ina gcuid den chóireáil, spraeanna atá deartha go speisialta chun na críche seo. Rachfar i mbun na n-oibreacha ag an tráth is fearr le haghaidh cóireála agus tabharfar chun críche iad faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair gach bliain.

## Le haghaidh tuilleadh eolais déan teagmháil le:

Oifig Tionscadal Bhóithre Náisiúnta na Gaillimhe - 091 509594

Is féidir tuilleadh eolais a fháil i dtaobh na gconarthaí seo ar **www.gaillimh.ie**

Is mian le Comhairle Chontae na Gaillimhe buíochas a ghabháil le húinéirí talún as a gcomhoibriú dul i mbun na n-oibreacha ríthábhachtacha seo.

# Treatment of Invasive Alien Plant Species – Advance Notice

## Introduction

Invasive alien species (IAS) are species that are initially transported through human activities outside of their natural range across ecological barriers, and that then survive, reproduce and spread, and that have negative impacts on the ecology of their new location as well as serious economic and social consequences. Of the invasive alien plant species (IAPS) identified in Ireland, two in particular are a major cause of concern on the road network; Japanese Knotweed *(Fallopia Japonica)* and Giant Rhubarb *(Gunnera Tinctoria)*. When growing close to road carriageways, these species can impact on sight lines, cause damage to the road infrastructure by growing up through the asphalt at the road edge and other structures.

## Contract Works

Galway County Council wish to advise land owners that Contractors are due to be appointed in August 2016 to begin a 3 year IAPS treatment programme. Treatment will target infestations on a number of the national routes, their interaction with regional roads within the county and may involve the use of chemical sprays designed specifically for this purpose. The works will be undertaken in a limited treatment window and will be completed by the end of October each year.

## For Further Information contact:

Galway National Road Project Office - 091 509594

Further information regarding these contracts is available at **www.galway.ie**

Galway County Council wishes to acknowledge the co-operation of land owners in undertaking these essential works.



Inmhíolú Glúineach Bhiorach *(Fallopia Japonica)* ar chiumhais bóthair
Infestation of Japanese Knotweed *(Fallopia Japonica)* along a road verge



Inmhíolú Gunnaire (Gunnera Tinctoria) gar do mhórbhóthar
Infestation of Giant Rhubarb (Gunnera Tinctoria) in close proximity to a major road

An Roinn Iompair Turasóireachta agus Spóirt
Department of Transport, Tourism and Sport

TII
Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

Tá míle fáilte roimh chomhfhreagras agus gnó trí Ghaeilge: gaeilge@cocogaillimh.ie www.gaillimh.ie

customerservices@galwaycoco.ie www.galway.ie @GalwayCoCo GalwayCounty

*M.Owens, Rúnaí Contae*